

2025-
2027



THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais

Plean Straitéiseach na Cúirte Oibreachais 2025-2027

Ár Misean

*“Socruithe ardchaighdeán, cothroma agus neamhchlaonta a sholáthar
chun díospóidí tionsclaíocha a réiteach agus chun achomhairc i ndíospóidí a
chinneadh bunaithe ar an dlí fostaíochta.”*

Clár Ábhair

- 1. Réamhrá..... 2
- 1.1 Cur chun feidhme 2
- 1.2 Soláthar..... 2
- 2. Maidir leis an gCúirt Oibreachais..... 3
- 2.1 An Chúirt Oibreachais de réir Figiúirí 3
- 3. Misean, luachanna, fíis agus tosaíochtaí straitéiseacha na Cúirte Oibreachais..... 5
- 4. Tosaíochtaí Straitéiseacha, Cuspóirí agus PTFanna 6
- 5. Dualgas na hEarnála Poiblí..... 10

1. Réamhrá

Tá sé mar aidhm sa phlean straitéiseach seo spriocanna agus cuspóirí a leagan síos don Chúirt Oibreachais chun tacú leis an misean seo don tréimhse trí bliana 2025-2027 agus leanúint den mhisean sin a chomhlíonadh.

Tógann an plean straitéiseach seo ar na nuálaíochtaí a tugadh isteach le linn 2022–2024, chun bealaí nua oibre a dhaingniú laistigh den Chúirt agus ar fud na n-áiteanna oibre a bhfreastalaíonn sé orthu. I measc na bpríomhfhorbairtí tá an t-aistriú forleathan chuig cianobair sholúbtha, agus úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta chun tacú le héisteachtaí fóirúla, hibrideacha agus ar an láthair go pearsanta.

De réir mar a leanann an t-ionad oibre ag forbairt, tabharfaidh an Chúirt tús áite d’oiriúnacht, solúbthacht agus barr feabhais i dtaca le seirbhís a chur ar fáil do gach duine aonair agus eagraíocht a bhaineann leas as a cuid seirbhísí. Gné lárnach den Straitéis seo is ea an tiomantas do chomhionannas agus cearta an duine a dhaingniú ar fud cinnteoireachta, beartais agus soláthair seirbhíse. Tríd an ngealltanas sin, cinnteoidh an Chúirt go mbeidh a nósanna imeachta, a faisnéis agus a seirbhísí ionchuimsitheach, inrochtana agus measúil ar chearta agus ar riachtanais úsáideoirí uile na Cúirte.

1.1 Cur chun feidhme

- Cuspóirí sonracha a shannadh do na daoine aonair agus na foirne is oiriúnaí chun a soláthar a threorú.
- Pleananna gnó bliantúla a fhorbairt ina leagtar amach spriocanna soiléire, spriocanna agus príomhfhreagrachtaí.
- Monatóireacht agus tuairisciú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne na dtáscairí feidhmíochta seanbhunaithe.
- Cur chuige athbhreithnithe rollach a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfanfaidh an Straitéis ábhartha i dtimpeallacht atá ag athrú.

1.2 Soláthar

- Ceannaireacht láidir, bainistíocht éifeachtach athraithe, agus comhthiomantas ó chomhaltaí na Cúirte agus ón bhfoireann.
- Pearsanra solúbtha, oile le tacaíocht ó fhoghlaím agus forbairt spriocdhírithe chun soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán a choinneáil.
- Rialachas láidir, trédhearcach agus acmhainní inbhuanaithe chun oibríochtaí éifeachtúla agus cuntasacha a áirithiú.
- Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chomhlíonadh go gníomhach ar fud na mbeartas, na gcinntí agus na seirbhísí go léir.
- Dlúthailíniú le beartais agus tosaíochtaí straitéiseacha RFTF chun tacú le comhleanúnachas laistigh den chóras níos leithne caidrimh agus rialála san ionad oibre.

2. Maidir leis an gCúirt Oibreachais

Is comhlacht neamhspleách um réiteach díospóidí san ionad oibre í an Chúirt Oibreachais, a chuireann seirbhís chuimsitheach ar fáil chun díospóidí a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta a réiteach. Maoinítear an Chúirt Oibreachais go poiblí agus, go ginearálta, cuirtear a cuid seirbhísí ar fáil saor in aisce don phobal.

Déileálann an Chúirt Oibreachais le dhá phríomhchineál cás. I ndíospóidí maidir le caidreamh tionsclaíoch, feidhmíonn sé mar bhinse a éisteann leis an dá thaobh agus a eisíonn moladh i scríbhinn ina leagtar amach a thuairim ar fhiúntas an aighnis agus conas ba chóir é a réiteach. Cé nach bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí de, táthar ag súil go ndéanfaidh páirtithe machnamh tromchúiseach ar na moltaí sin.

I gcásanna ceart fostaíochta, éisteann an Chúirt le hachomhairc ar chinntí Oifigeach Breithnithe faoi reachtanna dlí fostaíochta i gcás ina n-éilíonn oibrí gur sáraíodh a gcearta reachtúla. Baineann na cásanna sin le teidlíochtaí dlíthiúla, agus tá cinntí i scríbhinn na Cúirte ceangailteach agus infhorfheidhmithe. Féadfar achomharc a dhéanamh ar chinntí chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí nó féadfar agóid a dhéanamh ina gcoinne trí athbhreithniú breithiúnach.

Tá deichniúr comhaltaí lánaimseartha sa Chúirt Oibreachais: Cathaoirleach, triúr Leas-Chathaoirleach agus seisear Gnáthchomhaltaí, ar Comhaltaí Fostóra iad triúr acu agus ar Comhaltaí Oibrí iad triúr acu.

Faigheann an Chúirt Oibreachais tacaíocht ina feidhm ó Sheirbhís Cláráitheora agus riaracháin ar a bhfuil fostaithe buana ar státseirbhísigh iad agus atá mar chuid de bhunú foirne na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

2.1 An Chúirt Oibreachais de réir Figiúirí (2024)



1,119 Achomharc/Atreorú



*1,385 Éisteacht
Sceidealaithe*



834 Cás Críochnaithe



10 gComhalta



*22 (21.2 coibhéis
lánaimseartha) san
Fhoireann Riaracháin*




Caiteachas de €3.538m



*57 Éisteacht a tionóladh i
Seomra Cúirte Fíorúil*

3. Misean, luachanna, fíis agus tosaíochtaí straitéiseacha na Cúirte Oibreachais



4. Tosaíochtaí Straitéiseacha, Cuspóirí agus PTFanna

Tosaíocht Straitéiseach 1: Seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil d’úsáideoirí cúirte	
Cuireann an Chúirt seirbhísí ar fáil do réimse leathan úsáideoirí, lena n-áirítear oibrithe, fostóirí, ionadaithe dlí, comhlachtaí poiblí, agus an pobal i gcoitinne. De réir mar a thagann go leor cásanna chun cinn i gcúinsí dúshlánacha nó naimhdeacha, táimid tiomanta do sheirbhís chomhsheasmhach, neamhchlaonta agus dírithe ar an úsáideoir a chur ar fáil. Ag teacht le fócas RFTF ar sheirbhísí poiblí inrochtana ar ardchaighdeán, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfaigheann gach úsáideoir Cúirte taithí ar sheirbhís ghairmiúil agus mheasúil a thacaíonn le muinín sa chóras caidrimh san ionad oibre.	
Cuspóirí	Príomhtháscairí Feidhmíochta
Próiseáil, liostú agus bainistiú feabhsaithe ar chásanna a sholáthair	- Réitigh faoi stiúir na teicneolaíochta a chur i bhfeidhm, agus an úsáid is lú á baint as comhaid pháipéir - Cur i bhfeidhm próiseas agus acmhainní atá éifeachtúil agus éifeachtach - Luach ar airgead bainte amach - Cúirt a oibríonn de réir na hacmhainneachta is fearr
A chinntiú go dtacaítear le gach suí sceidealaithe na Cúirte	- Ardchaighdeán inrochtaineachta a bhaint amach go leanúnach do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó riachtanais teanga - Leanfar d’éisteachtaí hibrídeacha agus éisteachtaí cianfhreastail iomlána a chur ar fáil
Tuiscint an phobail ar ról agus ar sheirbhísí na Cúirte Oibreachais a fheabhsú trí fhaisnéis phoiblí nuashonraithe agus cumarsáid fheabhsaithe	- Ábhair faisnéise phoiblí nuashonraithe agus nuachóirithe a foilsíodh le linn na tréimhse straitéise - Dearadh agus ábhar an láithreáin gréasáin athnuaite chun soiléireacht agus inrochtaineacht a fheabhsú - Feasacht agus tuiscint mhéadaithe an phobail ar fheidhmeanna na Cúirte tríd an láithreán gréasáin agus na meáin shóisialta - Cur i bhfeidhm comhsheasmhach caighdeán nuashonraithe amhairc agus cumarsáide ar ábhair phoiblí
Caighdeán chuí Seirbhíse do Chustaiméirí a fhorbairt	- Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta agus Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí - A chinntiú go bhfaigheann an Fhoireann Riaracháin oiliúint chuí chun ardleibhéil Seirbhíse do Chustaiméirí a sholáthar

Tosaíocht Straitéiseach 2: Comhaltaí Cúirte agus foireann riaracháin a fhorbairt agus tacú leo	
Ní mór don Chúirt saineolas láidir a léiriú ar chaidreamh tionsclaíoch, ar chleachtais chomhchoiteanna fostaíochta, agus ar dhlí na fostaíochta, rud a léiríonn a ról mar chomhlacht achomhairc aonair an Stáit le haghaidh díospóidí maidir le cearta fostaíochta. Forbraíonn comhaltaí cúirte a gcuid scileanna breithiúnacha, dlí agus caidrimh thionsclaíoch go leanúnach trí fhoghlaim ghairmiúil leanúnach. Mar an gcéanna, ní mór d’fhoireann riaracháin na scileanna agus an t-eolas is gá a bheith acu chun feidhmiú go héifeachtach, chun tacú le hobair na Cúirte, agus chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.	
Cuspóirí	Príomhtháscairí Feidhmíochta
Léiríonn comhaltaí na cúirte ardleibhéal inniúlachta agus saineolais i gcaidreamh tionsclaíoch agus i ndlí fostaíochta	• Ardráta glactha ag páirtithe seachtracha le moltaí maidir le caidreamh tionsclaíoch • Ráta íseal achomhairc ar chinntí na Cúirte maidir le pointí dlí • Ráta íseal Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh • Cáilíocht chomhsheasmhach maidir le cinntí dlíthiúla a scríobh
Riachtanais forbartha gairmiúla atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a aithint agus bearta a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairt comhaltaí agus chun tacú leo	• Léiríonn comhaltaí na cúirte rannpháirtíocht ghníomhach le FGL agus rannpháirtíocht in imeachtaí FGL arna n-eagrú ag an gCúirt
Tacú le forbairt foirne riaracháin trí riachtanais oiliúna reatha agus amach anseo a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus a chinntiú go gcuirtear na scileanna, an t-eolas agus an taithí ar fáil don fhoireann go léir le feidhmiú agus forbairt laistigh dá róil	• Tá soiléireacht ag an bhfoireann maidir lena róil, a ndualgais agus a bhfreagrachtaí • Riachtanais oiliúna foirne a shainaitheann agus a dtugtar aghaidh orthu, agus cúrsaí oiliúna a chuirtear i bhfeidhm nuair is gá • Deiseanna do shoghluaisteacht inmheánach agus sheachtrach sainaitheanta • Measúnú agus aiseolas leanúnach ar fheidhmíocht foirne i bhfeidhm
Socruithe a dhéanamh chun aistriú eolais a éascú, d’fhonn leanúnachas seirbhíse a chinntiú nuair a aistríonn foireann riaracháin de bharr ardú céime, soghluaisteachta nó scoir	• Doiciméad aistrithe a chomhlánú • Lámhleabhair láidre ar nósanna imeachta • Cláir oiliúna/oideachais curtha ar fáil
Feabhas curtha ar chumarsáid inmheánach	• Baill foirne agus comhaltaí coinnithe ar an eolas trí chumarsáid agus nuashonruithe rialta • Straitéis Cumarsáide Inmheánaí curtha i bhfeidhm

Tosaíocht Straitéiseach 3: Teicneolaíocht a bharrfheabhsú agus próiseas cásbhainistithe a fheabhsú	
Tá an Chúirt Oibreachais tiomanta dá cumas digiteach agus teicneolaíochta a neartú i gcomhréir le fócas straitéiseach na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) ar chlaohlú digiteach, nuálaíocht, seirbhísí atá dírithe ar an úsáideoir agus bonneagar atá díonach ar an todhchaí.	
Cuspóirí	Príomhtháscairí Feidhmíochta
Éifeachtúlachtaí a ghiniúint trí úsáid níos mó a bhaint as soláthar seirbhíse ar líne	• Feabhas leanúnach ar bhonneagar digiteach na Cúirte Oibreachais chun tacú leis an méid seo a leanas: ○ Rochtain dhigiteach agus fhíorúil a chur ar fáil d’úsáideoirí Cúirte nuair is gá ○ Cianéisteachtaí trí ardáin fhíorúla ○ Éisteachtaí hibrideacha idir fhreastal fisiciúil agus cianfhreastal • Úsáid fheabhsaithe a bhaint as córais bainistíochta doiciméad (CBD) chun acmhainní a bharrfheabhsú agus an t-ualach riaracháin a laghdú
Próisis agus sreafaí oibre níos éifeachtúla a aithint agus a chur i bhfeidhm a thacaíonn le fócas RFTF ar chumas fórsa saothair a fhorbairt agus feabhsú leanúnach a dhaingniú	• Déantar riachtanais oiliúna chun tacú leis an mbonneagar digitithe a shainaithint, a dhoiciméadú agus a ionchorprú i bpleanáil oiliúna foirne • Cuirtear athbhreithnithe próisis i gcrích de réir an sceidil, agus cuirtear moltaí i bhfeidhm chun éifeachtúlacht agus eispéireas an úsáideora a fheabhsú
Feabhas a chur ar shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais chun rochtain fheabhsaithe agus éasca le húsáid ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí ar líne a sholáthar d’úsáideoirí cúirte de réir thiomantas RFTF do sheirbhísí poiblí trédhearcacha ar ardchaighdeán	• Méadú ar thrácht an láithreáin gréasáin trí úsáid a bhaint as ardáin meán sóisialta • Athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar ábhar an láithreáin gréasáin chun cruinneas, inrochtaineacht agus ábharthacht a chinntiú • Leathnú agus glacadh méadaithe achomharc, aighneachtaí agus foirmeacha digiteacha ar líne, ailínithe le spriocanna digitithe RFTF

Tosaíocht Straitéiseach 4: Rialachas éifeachtach a chinntiú

Tá rialachas éifeachtach riachtanach chun neamhspleáchas, inchreidteacht agus cumais oibríochtúla na Cúirte Oibreachais a choinneáil. Leis na hacmhainní atá riachtanach d’fheidhmiú éifeachtúil na Cúirte a fháil, cuirtear bonn agus taca faoi sholáthar ár sainordaithe reachtúil. I gcomhréir le tiomantas straitéiseach na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) chun an timpeallacht rialála a neartú, feidhmíocht eagraíochtúil a fheabhsú, agus maoirseacht fhreagrach acmhainní poiblí a chinntiú, neadóidh an Chúirt Oibreachais córais láidre rialachais a thacaíonn le comhlíonadh, athléimneacht agus feabhsú leanúnach

<i>Cuspóirí</i>	<i>Príomhtháscairí Feidhmíochta</i>
Riachtanais rialachais RFTF á gcomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear pleanáil gnó, nósanna imeachta airgeadais, soláthar, RGCS, SF, bainistíocht taifead agus Plean Leanúnachais Gnó (PLG)	• Tuairiscí chun dáta rialachais ráithiúla curtha faoi bhráid RFTF tríd an Aonad Idirchaidrimh • Torthaí ábhartha ar bith aimsithe in iniúchtaí inmheánacha a bhaineann le rialachas nó comhlíonadh reachtúil. • Athbhreithniú ar bheartais rialachais curtha i gcrích agus feabhsuithe curtha san áireamh le linn na tréimhse straitéise
Acmhainní inbhuanaithe a fháil chun a chinntiú go gcuirfear sainordú reachtúil na Cúirte i gcrích go héifeachtach	• Leithdháileadh buiséid bliantúil faighte trí theagmháil struchtúrtha le RFTF tríd an Aonad Idirchaidrimh • Tuairisciú trédhearcach maidir le húsáid an mhaoinithe • Fianaise ar luach ar airgead léirithe trí chomhlíonadh soláthair
Cleachtais láidre bainistíochta riosca a dhaingniú chun tacú le hathléimneacht eagraíochtúil	• Clár riosca nuashonraithe gach ráithe, agus gníomhartha maolaithe rianaithe, ag teacht le Beartas Bainistíochta Riosca RFTF is déanaí • Déanann gach ball foirne oiliúint bhainistíochta riosca ar bhonn débhlíantúil

5. Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá an Chúirt Oibreachais tiomanta do chomhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn thar a feidhmeanna go léir. Ag teacht lenár n-oibleagáidí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, táimid ag obair chun na prionsabail seo a leabú i ngach cinnteoireacht, beartas, seirbhís agus cleachtas eagraíochtúil, ag cinntiú go bhfuil ár n-oibríochtaí cothrom, uilechuimsitheach agus measúil ar chearta gach duine a bhíonn ag plé leis an gCúirt.

Measúnú

Rinne an Chúirt Oibreachais measúnú ar na saincheistean maidir le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha don Chúirt agus is féidir teacht air seo ar leathanach na bhFoilseachán ar shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais.

Gníomhaíochtaí

Le linn shaolré an phlean straitéisigh seo, cuirfidh an Chúirt Oibreachais na gníomhartha a saináithníodh inár Measúnú Comhionannais agus Chearta an Duine chun cinn chun comhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus torthaí córa a chinntiú d’úsáideoirí uile na Cúirte. Áirítear leis sin a chinntiú go bhfuil ár nósanna imeachta, ár bhfaisnéis agus ár seirbhísí uilechuimsitheach, inrochtana agus go bhfuil meas iomlán acu ar chearta an duine. Chun tacú leis seo, cuirfimid athbhreithniú inrochtaineachta agus comhionannais i gcrích ar gach faisnéis atá os comhair an phobail agus ar gach ionad Cúirte, agus gheobhaidh baill foirne oiliúint chomhionannais agus chearta an duine a bhaineann le seirbhísí Cúirte le linn thréimhse na Straitéise. Déanfar dul chun cinn ar na gníomhartha seo a thuairisciú trí Thuarascáil Bhliantúil na Cúirte Oibreachais.